2024/904

26.3.2024

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/904 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 25 Márta 2024**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le taraif-chuótaí an Aontais le haghaidh táirgí siúite agus táirgí snáithín cnó cócó**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 an 17 Nollaig 1999 ón gComhairle lena n-osclaítear taraif-chuótaí Comhphobail a cheanglaítear le GATT agus taraif-chuótaí Comhphobail áirithe eile agus lena ndéantar foráil maidir lena riar agus lena mbunaítear rialacha mionsonraithe maidir leis na cuótaí a choigeartú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1808/95 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1), pointe (b), an dara fleasc, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ó tugadh isteach le Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 taraif-chuótaí uathrialacha an Aontais maidir le dleacht nialasach le haghaidh cainníochtaí sonracha táirgí siúite agus táirgí snáithín cnó cócó, mar thoradh ar theacht i bhfeidhm scéim na bhfabhar ginearálaithe (GSP) in 1995, cuireadh síneadh leis na taraif-chuótaí arís agus arís eile. Lean an síneadh deireanach go dtí an 31 Nollaig 2023.

(2) Ós rud é go gcuirtear síneadh thar an 31 Nollaig 2023 le tréimhse chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) de bhua Rialachán (AE) 2023/2663 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), ba cheart síneadh a chur leis an socrú taraif-chuóta le haghaidh táirgí siúite agus táirgí snáithín cnó cócó dá réir.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 a leasú dá réir sin.

(4) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, agus chun úsáid leanúnach na dtaraif-chuótaí a áirithiú, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2024.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an cúigiú colún ('Tréimhse cuóta') den tábla in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs maidir le sraithuimhir 09.0107:

'ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig gach bliain go dtí an 31 Nollaig 2027';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs maidir le sraithuimhir 09.0109:

'ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig gach bliain go dtí an 31 Nollaig 2027';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs maidir le sraithuimhir 09.0111:

'ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig gach bliain go dtí an 31 Nollaig 2027'.

([1]) IO L 5, 8.1.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2000/32/oj.
([2]) Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle (IO L 303, 31.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/978/oj).
([3]) Rialachán (AE) 2023/2663 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe (IO L, 2023/2663, 27.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2663/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Márta 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN